

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi bhás Eddie Jordan, laoch Fhoirmle a hAon ( *Formula One hero*). Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
laoch Foirmle a hAon craobh	<i>karting</i> <i>prostate cancer</i> <i>has passed away</i>

1. Cad atá ar eolas agat faoi Fhoirmle a hAon?

Féach ar an bhfíseán [anseo](#) chun eolas a fháil faoi Fhoirmle a hAon.

2. Ar mhaith leat féin a bheith i do thiománaí rásaíochta carranna? Cén fáth?

3. An ndeachaigh tú chuig railí riamh? Conas a bhí sé?

4. An dtaitníonn aon spórt rásaíochta eile leat – rásaíocht capall nó rásaíocht bád, mar shampla?

5. An bhfuil laoch ar bith (cara nó duine cáiliúil) i do shaol? Cé hé, cé hí nó cé hiad?



## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

1. iar-úinéir	a. <i>karting</i>
2. foireann	b. <i>pundit</i>
3. d'éirigh (le)	c. <i>prostate cancer</i>
4. clú agus cáil	d. <i>the memory</i>
5. cairtíneacht	e. <i>calibre, character</i>
6. mianach	f. <i>former owner</i>
7. ceithre bhabhta	g. <i>fame</i>
8. an chuimhne	h. <i>broadcaster</i>
9. craoltóir	i. <i>succeeded, managed to</i>
10. anailísí	j. <i>entrepreneur</i>
11. fiontraí	k. <i>four times</i>
12. ailse phróstataigh	l. <i>team</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

2. Scríobh an aois seo i bhfigiúirí - sé bliana déag le cois na dtrí scór: \_\_\_\_\_

(Nod: le cois = *in addition to*; scór = *score*)

3. Baintear úsáid as focail agus as frásaí faoi leith agus muid ag caint faoi bhás duine. Cad is brí leis na cinn seo?

tar éis bháis	
d'imigh sé ar shlí na fírinne	
maireann a bhean agus a cheathrar leanaí	

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: **FOCLÓIR** chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Tá \_\_\_\_\_ Fhoirmle a hAon, Eddie Jordan, tar éis bháis. \_\_\_\_\_, \_\_\_\_\_ agus \_\_\_\_\_ a bhí ann.
- Bhunaigh sé *Jordan Grand Prix* agus \_\_\_\_\_ leis an bh\_\_\_\_\_ sin ceithre theideal a bhuachan.
- Bhí aithne ar Eddie Jordan mar EJ agus bhí \_\_\_\_\_ air ar fud an domhain.
- Thug sé le fios anuraidh go raibh \_\_\_\_\_ air.
- Thosaigh sé amach sa \_\_\_\_\_\* agus bhí an \_\_\_\_\_ ann ardleibhéal a bhaint amach i bhFoirmle a hAon. (\* = séimhiú)
- Thosaíodar 250 rás; bhuardar é \_\_\_\_\_ – 19 bpóidiam, dhá áit pholla agus dhá chuaird is tapúla.
- Is é \_\_\_\_\_ is mó atá ag Elaine Ní Shé ná nuair a thug sé an chéad tiomáint do Michael Schumacher sa *Grand Prix* sa Bheilg.

2. Féach ar an mír den dara huair agus léigh na ráitis thíos. Roghnaigh **fíor**, **bréagach** nó **ní deirtear**.

Cuir tic ✓ sa bhosca ceart.

Na ráitis	Fíor	Bréagach	Ní deirtear
a) Rugadh Eddie Jordan san Afraic Theas.			
b) Bhain sé cáil amach in Éirinn sna 70idí.			
c) Bhunaigh sé <i>Jordan Grand Prix</i> lena dheartháir.			
d) Thosaigh sé leis an gcairtíneacht agus lean sé ar aghaidh ó Fhoirmle a Trí go Foirmle a hAon ansin.			
e) Bhuaigh Eddie Jordan agus a fhoireann <i>an Grand Prix</i> ceithre huaire.			
f) Bhuaigh Michael Schumacher <i>an Grand Prix</i> sa Bheilg.			
g) Bhí a lán gairmeacha difriúla ag Eddie Jordan.			
h) Ní raibh aon pháistí ag Eddie Jordan.			

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite)

Líon na bearnaí sa script leis an bhfoirm cheart de gach briathar san aimsir chaite.

Laoch dár saol sa saol spóirt, Foirmle a hAon. (Bí) \_\_\_\_\_ clú agus cáil ar Eddie ar fud an domhain, aithne air mar EJ. Thosaigh sé féin amach sa chairtíneacht agus (buaigh) \_\_\_\_\_ sé an chraobh in 1971. (Téigh) \_\_\_\_\_ sé ar aghaidh ansin go rásanna Fhoirmle a Trí agus Fhoirmle a Dó ach bhí an radharc agus an mianach sin aige chun an t-ardleibhéal a bhaint amach i bhFoirmle a hAon agus (bunaigh) \_\_\_\_\_ sé a fhoireann féin – *Eddie Jordan Racing* in 1979. (Tosaigh) \_\_\_\_\_ (siad) 250 rás; (buaigh) \_\_\_\_\_ (siad) é ceithre bhabhta – 19 bpóidiam, dhá áit pholla agus dhá *lap* is tapúla. Bhí a lán tiománaithe cáiliúla aige thar na blianta chomh maith, ar nós Eddie Irvine, Damon Hill, Johnny Herbert, Ralf Schumacher agus Martin Brundle. Ach an chuimhne is mó atá agamsa ná nuair a (tabhair) \_\_\_\_\_ sé an chéad tiomáint do Michael Schumacher sa *Grand Prix* sa Bheilg.

Ina dhiaidh sin, bhí Jordan ina chraoltóir agus anailísí don *BBC* agus do *Channel 4*, agus fiontraí ab ea é chomh maith. Thug Eddie Jordan le fios anuraidh go raibh ailse phróstataigh air. I ráiteas, (deir) \_\_\_\_\_ a mhuintir gur imigh sé ar shlí na fírinne ag baile, in Cape Town na hAfraice Theas, ar maidin.

### 2: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite – an saorbhriathar)

Líon na bearnaí sna habairtí thíos leis an bhfoirm cheart de gach saorbhriathar san aimsir chaite.

- (Chaill) \_\_\_\_\_ Eddie Jordan sa bhaile, san Afraic Theas.
- (Beir) \_\_\_\_\_ Eddie Jordan i mBaile Átha Cliath in 1948.
- (Tóg) \_\_\_\_\_ é i mBaile Átha Cliath freisin.
- (Bunaigh) \_\_\_\_\_ an fhoireann *Jordan Grand Prix* sa bhliain 1991.
- (Tosaigh) \_\_\_\_\_ gairm bheatha Eddie Jordan sna cairtíní.
- (Tabhair) \_\_\_\_\_ an deis do Michael Schumacher a chéad rás a dhéanamh i bhFoirmle a hAon sa Bheilg.
- (Abair) \_\_\_\_\_ i ráiteas gur imigh sé ar shlí na fírinne.

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

a) Beidh tú ag déanamh cur síos ar laoch de do chuid don rang iomlán ar ball beag. D'fhéadfadh cara leat a bheith i gceist, nó laoch spóirt de do chuid, nó tionchaire nó scríbhneoir, mar shampla. Féach ar na ceistanna thíos agus tú ag déanamh do mhachnaimh faoin duine sin.

- ✓ An bhfuil grianghraf agat den duine?
- ✓ Cén cúlra atá acu – an áit ar rugadh iad, srl?
- ✓ Cén saol scoile nó oibre atá nó a bhí acu?
- ✓ Cén chuma atá (a bhí) orthu?

Tá/Bhí súile donna/gorma/glása aige/aici/acu.

Tá/Bhí gruaig fhionn/dhubh/dhonn/liath air/uirthi/orthu.


- ✓ Cén cineál duine iad?

Tá/Bhí mianach ann/inti/iontu.

Is duine/ba dhuine →

cineálta, leithleach, dílis, macánta  
greannmhar, cliste, sotalach,  
réchúiseach, suarach, ceandána  
flaithiúil, cumasach

é/í/iad.



- b) Déan cur síos ar do laoch don rang!
- c) Cuir cúpla ceist ar na foghlaimeoirí eile faoi na daoine a labhraíonn siad fúthu.

## 2: Scríobh

Scríobh alt gearr don irisleabhar áitiúil faoi do laoch.


## 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:

## AN SCRIPT

---

### Eibhlín Ni Choistealbha

Tá iar-úinéir ar an bhFoirmle a hAon, Eddie Jordan, tar éis bháis. Bhí sé sé bliana déag le cois na dtrí scór. Cailleadh Eddie Jordan ag baile san Afraic Theas. Rugadh Eddie Jordan i mBaile Átha Cliath in 1948 agus bhain sé cáil amach dó féin i mótarspórt na hÉireann sna 70idí. Bhunaigh sé an fhoireann *Jordan Grand Prix*, foireann a bhí i mbun aicsin ó 1991 go dtí 2005. Le linn na tréimhse sin, bhí *Jordan Grand Prix* i mbun rásaíochta in 250 rás ar fad sa chomórtas, Foirmle a hAon agus d'éirigh leis an bhfoireann ceithre theideal ar fad a bhuachtaint<sup>1</sup>.

### Elaine Ní Shé, Comh-Thiománaí Railí agus Láithreoir Teilifíse

Laoch dár saol sa saol spóirt, Foirmle a hAon. Bhí clú agus cáil ar Eddie ar fud an domhain, aithne air mar EJ. Thosaigh sé féin amach sa chairtíneacht agus bhuaigh sé an chraobh in 1971. Chuaigh sé ar aghaidh ansin go rásanna Fhoirmle a Trí agus Fhoirmle a Dó, ach bhí an radharc agus an mianach sin aige chun an t-ardleibhéal a bhaint amach i bhFoirmle a hAon, agus bhunaigh sé a fhoireann féin – *Eddie Jordan Racing* in 1979. Thosaíodar 250 rás, bhuadar é ceithre bhabhta, 19 bpóidiam, dhá áit pholla agus dhá *lap*<sup>2</sup> is tapúla. Bhí a lán tiománaithe cáiliúla aige thar na blianta chomh maith, ar nós Eddie Irvine, Damon Hill, Johnny Herbert, Ralf Schumacher agus Martin Brundle. Ach an chuimhne is mó atá agamsa ná nuair a thug sé an chéad tiomáint do Michael Schumacher sa *Grand Prix* sa Bheilg.

### Eibhlín Ni Choistealbha

Ina dhiaidh sin, bhí Jordan ina chraoltóir agus anailísí don *BBC* agus do *Channel 4*, agus fiontraí ab ea é chomh maith. Thug Eddie Jordan le fios anuraidh go raibh ailse phróstataigh air. I ráiteas, dúirt a mhuintir gur imigh sé ar shlí na fírinne ag baile, in Cape Town na hAfraice Theas, ar maidin. Bhí sé sé bliana déag le cois na dtrí scór. Maireann a bhean agus a cheathrar leanaí.

---

<sup>1</sup> buachtaint = leagan canúnach de 'buachan'

<sup>2</sup> lap = cuaird

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí ‘machnamh’ a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

### B: FOCLÓIR

#### 1. Freagraí:

iar-úinéir	<i>former owner</i>
foireann	<i>team</i>
d'éirigh (le)	<i>succeeded, managed to</i>
clú agus cáil	<i>fame</i>
cairtíneacht	<i>karting</i>
mianach	<i>calibre, character</i>
ceithre bhabhta	<i>four times</i>
an chuimhne	<i>the memory</i>
craoltóir	<i>broadcaster</i>
anailísí	<i>pundit</i>
fiontraí	<i>entrepreneur</i>
ailse phróstataigh	<i>prostate cancer</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
f	l	i	g	a	e	k	d	h	b	j	c

#### 2. 76 years old.

#### 3. Féach:

tar éis bháis	<i>has died</i>
d'imigh sé ar shlí na fírinne	<i>he passed away</i>
maireann a bhean agus a cheathrar leanaí	<i>he leaves behind his wife and four children</i>

## C: TUISCINT

### 1. Freagraí:

- Tá **iar-úinéir** Fhoirmle a hAon, Eddie Jordan, tar éis bháis. **Craoltóir**, **anailísí** agus **fiontraí** a bhí ann.
- Bhunaigh sé *Jordan Grand Prix* agus **d'éirigh** leis an bhfoireann sin ceithre theideal a bhuachan.
- Bhí aithne ar Eddie Jordan mar EJ agus bhí **clú agus cáil** air ar fud an domhain.
- Thug sé le fios anuraidh go raibh **ailse phróstataigh** air.
- Thosaigh sé amach sa **chairtíneacht** agus bhí an **mianach** ann ardleibhéal a bhaint amach i bhFoirmle a hAon.
- Thosaíodar 250 rás; bhuardar é **ceithre bhabhta** – 19 bpóidiam, dhá áit pholla agus dhá chuaird is tapúla.
- Is é **an chuimhne** is mó atá ag Elaine Ní Shé ná nuair a thug sé an chéad tiomáint do Michael Schumacher sa *Grand Prix* sa Bheilg

### 2. Freagraí:

- Bréagach. Rugadh é i mBaile Átha Cliath.
- Fíor.
- Ní deirtear.
- Fíor.
- Fíor.
- Ní deirtear.
- Fíor.
- Bréagach. Bhí ceathrar páistí aige.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite)

#### Freagraí:

Laoch dár saol sa saol spóirt, Foirmle a hAon. **Bhí** clú agus cáil ar Eddie ar fud an domhain, aithne air mar EJ. Thosaigh sé féin amach sa chairtíneacht agus **bhuaigh** sé an chraobh in 1971. **Chuaigh** sé ar aghaidh ansin go rásanna Fhoirmle a Trí agus Fhoirmle a Dó, ach bhí an radharc agus an mianach sin aige chun an t-ardleibhéal a bhaint amach i bhFoirmle a hAon, agus **bhunaigh** sé a fhoireann féin – *Eddie Jordan Racing* in 1979. **Thosaíodar / thosaigh siad** 250 rás, **bhuadar / bhuaigh siad** é ceithre bhabhta, 19 bpóidiam, dhá áit pholla agus dhá *lap* is tapúla. Bhí a lán tiománaithe cáiliúla aige thar na blianta chomh maith, ar nós Eddie Irvine, Damon Hill, Johnny Herbert, Ralf Schumacher agus Martin Brundle. Ach an chuimhne is mó atá agamsa ná nuair a **thug** sé an chéad tiomáint do Michael Schumacher sa *Grand Prix* sa Bheilg.

Ina dhiaidh sin, bhí Jordan ina chraoltóir agus anailísí don *BBC* agus do *Channel 4*, agus fiontraí ab ea é chomh maith. Thug Eddie Jordan le fios anuraidh go raibh ailse phróstataigh air. I ráiteas, **dúirt** a mhuintir gur imigh sé ar shlí na fírinne ag baile, in Cape Town na hAfraice Theas, ar maidin.

### 2: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite – an saorbhriathar)

#### Freagraí:

- Cailleadh** Eddie Jordan sa bhaile, san Afraic Theas.
- Rugadh** Eddie Jordan i mBaile Átha Cliath in 1948.

- c) **Tógadh** é i mBaile Átha Cliath freisin.
- d) **Bunaíodh** an fhoireann *Jordan Grand Prix* sa bhliain 1991.
- e) **Tosaíodh** gairm bheatha Eddie Jordan sna cairtíní.
- f) **Tugadh** an deis do Michael Schumacher a chéad rás a dhéanamh i bhFoirmle a hAon sa Bheilg.
- g) **Dúradh** i ráiteas gur imigh sé ar shlí na fírinne.

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

- a) Tabhair deis do na foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar laoch dá gcuid sula ndéanfaidh siad cur síos ar an duine sin don rang.
- b) Iarr ar na foghlaimeoirí cur síos a dhéanamh ar a laochra os comhair an ranga.
- c) Spreag iad chun ceisteanna a chur ar a chéile faoina laochra.

### 2: Scríobh

Abair leo alt gearr a scríobh faoin duine a phléigh siad faoi **Caint** thuas.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí **A: Machnamh**.